



Bí bródúil as do theanga

# An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Geimhreadh 2023  
1-06-2023

Tá an spéis i bhfoghlaím na Gaeilge ag dul i méid.

**T**á na ranganna ar siúl go pearsanta agus trí Zoom. Faoi láthair táimid ag réachtáil ranganna bunrang agus meánrang tríd an dá fhormaid agus ritheann an ardrang trí ZOOM. Tarraingíonn an dara rang daoine ó stáit éagsúla. Tá fiosrúcháin idirstáit feicthe againn fiú dár ranganna ar líne agus i bhfianaise an chostais, is luach iontach iad i gcomparáid le soláthraithe teanga eile. I mbliana chuireamar táillí lascainithe ar fáil dóibh siúd arbh fhearr leo íoc roimh ré as an teagasc agus tá roinnt daoine tar éis glacadh leis an tairiscint seo agus mar sin motháimid gur beart dearfach é seo.

Tá méadú tagtha ar ár rolluithe i mbliana, rud is iontach a fheiceáil, cé go bhfuil dúshlán ann dóthain teagascóirí a aimsiú. Is fadhb ilbhliantúil é seo agus an t-ualach ag titim ar chúpla, rud a d'fhéadfadh a bheith neamh-inbhuanaithe san fhadtéarma. Bhí an t-ádh linn go raibh cainteoirí dúchais Gaeilge as Éirinn ag rith ranganna don Chumann áfach is minic a fhilléann siad ar Éirinn nuair a théann a víosa in



Bungendore, N,S,W, leathanach 2

éag. Mar sin, má tá suim agat, nó má tá aithne agat ar dhuine a bhfuil suim agat ann, déan teagmháil leis an gCoiste le do thoil. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil an spéis i bhfoghlaím na Gaeilge ag dul i méid.

Tá an coiste ag déanamh machnaimh ar Ghaeltacht Melbourne atá imithe i léig ó aimsir COVID ach ag an gcéim seo, tá an chuma ar an scéal murar féidir linn daoine a chur chun cinn agus tairiscint a dhéanamh chun cabhrú le hócáid a chur chun cinn, a fhorbairt agus a réachtáil, caithear moill bliana eile a chur air. Más spéis leat é seo a athbheochaint déan teagmháil le do thoil le Rúnaí an Choiste, Seán,

agus cuir in iúl go bhfuil spéis agat ann.

Anois agus an bhliain airgeadais tagtha chun críche tá an Coiste ag pleanáil don CGB. . De bharr go mbeidh an Cisteoir as baile i mí Mheán Fómhair (ag taisteal in Éirinn ar ndóigh) tá dáta an CGB á shocrú go ceann tamaill i mí Dheireadh Fómhair.

Fógrófar an dáta i neart ama chun tú a ainmniú do phost coiste ar ndóigh, táimid i gcónaí ag lorg daoine chun a lámh a chur suas chun cabhrú le réachtáil an Chumainn ☺ .

Roy Kennedy  
Cisteoir

(ar lean, leathanach 9)

## San Eagrán Seo..

<i>From our committee</i>	1
<i>Scoil Samhraidh, Bungendore</i>	2-3
<i>Ollscoil na Tríú hAoise</i>	4
<i>Gaelscoil Melbourne</i>	5-7
<i>Scéal Pisces III</i>	8-9
<i>Committee news</i>	9
<i>Gaeilge sa Tír Ard</i>	10

See our website  
for latest news  
about classes  
[gaeilge.org.au](http://gaeilge.org.au)

## Scoil Samhraidh, Mí Eanáir, 2023

**T**háinig sé mar ionadh iomlán do go leor Ghaeilgeoirí go mbeadh an chéad daonscoil i ndiaidh an phandéim suite in Bungendore. Bheadh a lán daoine ag fiafraí “Cá bhfuil Bungendore suite?” Bhuel, is baile beag suaimhneach é ar an mbóthar idir Canberra agus an chósta. Tiomáineann níos mó daoine trí Bungendore ná a stadann ann. Shocraigh Seán agus Máire-Áine Curráin, atá ina gcónaí ansin, go mbeadh Bungendore áit dheas don scoil, dá mbeadh cabhair le fáil ón bpobal.

An dtiocfadh daoine ansin? Ní raibh ach slí amháin le fáil amach – cuir fógra amach agus fanacht ar fhreagraí. Chuir níos mó ná tríocha duine a n-áiteanna in áirithe, mar sin leanadh ar aghaidh leis. D’fhan na daoine a bhí ag teacht ó áiteanna i bhfad in ostán Carrington i mbaile Bungendore. Thug an t-óstóir lascaine maith do na cuairteoirí agus lóistín thar barr in áit álainn. Bhí béilí ar fáil ag caifeanna agus bialanna áitiúla agus bhí IGA mór ann agus go leor seirbhísí eile.

Bhí ar Seán agus Máire-Áine múinteoirí a fháil. Thug Dymphna Lonergan tairiscint le bheith ina múinteoir le Rang 4. Fuair na Curráin beirt mhúinteoirí Ghaeilge ó Ghaillimh, Máire Ní Bhriain agus Mait Ó Brádaigh. Bhí siad ag caitheamh na laethanta saoire ag tabhairt aire dá ngaríníon. Thóg Máire Rang 2 agus thóg Mait Rang 3. Thóg Seán na tosaitheoirí ar feadh cúpla lá, ansin cheangal siad le Rang 2. Ní raibh ach beirt dhuine líofa; fuair duine amháin Covid agus cheangal an duine eile le Rang 4. Bhí ranganna 2 agus 3 suite sa Scoil na hEalaíne agus bhí rang 4 suite sa halla eaglaise. Bhí an chuid is mó de na gníomhaíochtaí tráthnóna ar siúl ansin chomh maith.

Lean an scoil ó 7 Eanáir go dtí 14 Eanáir. Lean an clár an gnáthchlár don daonscoil. Bhí trí rang gach lá móide ranganna rogha, díospóireacht, tráth na gceist, scannáin, seisiúin cheol agus ceolchoirm ar an oíche deireanach. Táirgeadh an ceantar timpeall Bungendore roinnt ceolteoirí iontacha. Bhí dhá sheisiún cheol ar siúl i rith na seachtaine agus ag an dara seisiún chuaigh John Spillane i gcomhar leis na ceolteoirí áitiúla le haghaidh oíche cheol Éireannach. Bhí craic mhaith ar siúl. Do na ranganna rogha bhí amhránaíocht, bodhrán, scríbhneoireacht cruthaitheach, miotaseolaíocht Éireannach agus rince againn.

Ar an gCéadaoin bhí iarnóin shaor againn agus thóg cúigear an deis cuairt a thabhairt ar Captains Flat, baile

stairiúil mianadóireachta i measc na cnoic ó dheas ó Bungendore. Tá an sean theach tábhairne ansin dúnta le dhá bhliain anuas, ach bíonn na húnéirí nua ag obair á athchóiriú dá iarbhreathacht. Ní buntheach tábhairne é ach malartú a tógadh i 1938. Lá den saol bhíodh an beár ann an beár is faide san Astráil. Ghlacamar le fonn tairiscint de thuras don óstán. Fuaireamar stórtha ar nós pianóla a bhí ag obair fós agus múrphictúir stairiúla ar na ballaí. Ar ár mbealach abhaile, thugamar cuairt ar an dtaispeántas faoi mhianadóireacht ar cnoc lastuas den bhaile. Gan dabht, baile glórach, gnóthach a bhíodh ann sna laethanta sin.

Thaitin an tseachtain go mór leis na rannpháirtithe. Athnuadh seanchairdeas agus rinneadh cairdeas nua. Bhí an aimsir fhoirfe. Tá Bungendore ar an léarscáil go deimhin mar ionad scoile.

Mairéad Hamon





### Summer School, January 2023

It came as a complete surprise to many Gaeilgeoiri that the first daonscoil since the pandemic would be held at Bungendore. Many people would have been asking "Where is Bungendore?" Well, it's a small quiet town on the road between Canberra and the coast. A town that more people drive through than visit. John and Mary-Ann Curran, who live there, decided that with the help of the community, they could turn it into a venue for a school.

Would people come? There was only one way to find out - advertise it and wait for the response. More than 30 participants booked in so it went ahead. Most people coming from a distance stayed at the Carrington Inn, which offered participants a good discount and excellent accommodation in a beautiful setting. Meals were available at local cafés and restaurants and there was a large IGA and plenty of other services.

The Currans also had to find teachers. Dymphna Lonergan from Adelaide volunteered and took Class 4. The Currans also secured the services of two Irish language teachers from Galway, Máire Ní Bhriain and Mait Ó Brádaigh. They were spending the summer holidays in Australia looking after their granddaughter. Máire took Class 2 and Mait took Class 3. As there were to be 5 levels, John took the complete beginners for a couple of days, and they then joined with Class 2. At the other end there were only two fluent speakers. One got Covid and the other one joined in with Class 4. Classes 2 and 3 were held in the School of Arts and Class 4 was in the church hall, which was also the venue for most evening activities.

The school went from 7 January to 14 January. The program closely followed the usual daonscoil program. There were three classes a day most days plus electives, a debate, quiz, films, music sessions and a final night concert. The local area around Bungendore produced an amazing number of musicians. There were two music sessions and at the second one the locals were joined by John Spillane for a special night of Irish music. A great night was had. For electives we had singing, bodhrán, creative writing, Irish mythology and Irish step-dancing.

On the Wednesday we had a free afternoon, and five people took the opportunity to visit Captain's Flat, a historic mining town in the hills south of Bungendore. The old pub there had been closed for two years, but the new owners are working to restore it to its former glory. It is not the original pub, but a replacement built in 1938. It once sported the longest bar in Australia. We gladly accepted the offer of a tour of the hotel. We found treasures such as a working pianola and heritage murals on the wall. On our way home we visited the mine display on a hill above the town. What a noisy, bustling town it would have been in those days.

The participants enjoyed the week very much. Old friendships were renewed and new friendships made. The weather was perfect. Bungendore is definitely on the map as a school venue.

Mairéad Hamon



## Ollscoil na Tríú hAoise

**I**s mór an sólás croí a fheiceáil go bhfuil an Cumann ag dul ar aghaidh ag múineadh an teanga Ghaelach cé nach bhfuil bunáit ar feadh tamall fada anois agus nach mbeidh ceann le fáil go luath amach anseo. Áfach, taispeáin an Cumann nuair atá an fonn ann tá bealach ann. Is ionad maith insroichte i Leabharlann Kathleen Syme i Carlton agus do na daltaí nach bhfuil in ann freastail air tá Zoom ann, d'ainneoin nach é an bealach is fearr.

B'fhéidir nach bhfuil eolas ag daoine go bhfuil, freisin, ranganna eile ar siúl i rith an lae i lár na cathrach. Tá siad ar siúl agamsa trí U3A i Melbourne. Gach Aoine san fhoirgneamh, Greek Centre i Sráid Lonsdale, bíonn na ranganna ar siúl idir 1-2 i.n. I láthair na huairé tá na ranganna i gcóir ard-tosaitheoirí. Sa bhliain seo chugainn beidh ranganna i gcóir tosaitheoirí. Is dream suimiúil iad na mic léinn sa rang idir Éireannaigh ó dhúchas ag plé leis a dteanga as an nua, mic léinn ar suim leo teanga i gcoitinne agus daoine eile ar mhian leo teanga oidhreachta a sinsear a bhlaiseadh. Leis an ngrúpa seo ba mhaith leo an teanga a cloisint a bhí ag a ngaolta fadó.

It's gratifying to see that the Cumann is continuing to teach the Irish language in spite of not having a home base for quite a while now and none being available in the near future. However, the Cumann has shown that where there's a will there's a way! The Kathleen Syme Library in Carlton, has been a good accessible venue. For students not able to access it Zoom has been, in spite of not being the most loved mode of communication, a good alternative.

In addition to the Cumann classes, There are classes available in the city and suburbia for beginners and advanced beginners. Classes have popped up through U3A. Every Friday in the Greek Centre in Lonsdale Street classes are run between 1-2pm. Currently they are for Advanced Beginner level. Next year there will be classes for Beginner and Advanced Beginner. Students in the class are an interesting mix of native born Irish refreshing their links with the language, students who have a general interest in languages and others who, through their ancestral connection, want to be exposed to that ancestral language. It's good to know that there are several options available. If anyone wanted any further information on the city classes you're welcome to contact mé on 0423 080 677.

Deirdre Gillespie

### The editorial team writes.....

Finding a U3A course for the Irish (or any) language anywhere in Australia is problematic to say the least. For one thing there is no national website that you can consult. There is a Victorian one but it has no search facility for courses. Instead, each U3A around the country has its own website and they all look different and each has its own classification scheme for courses.

So, your editorial team has come to the rescue and done some groundwork.....

In Melbourne City U3A, Irish is listed as a short course,

<https://u3amelbcity.org.au/courses-activities/>

The U3A in Bright has an online booklet that you can open and then scroll down to page 11

<https://u3abright.org.au/wpress/wp-content/uploads/2023/04/Courses-booklet-may-2023-1.pdf>

*If you find any more Irish classes either at U3A or elsewhere please send details to this newsletter and we will include in our next edition.....* ***eolas@gaeilge.org.au***

## Gaelscoil Melbourne : An céadcéim eile um òthú pobail big Gàelastrálaigh ón mbonn aníos


Lonán Fiach Ó Lorgnáin a scríobh

### Cén fáth le scoil úr dáteangach Gaeilgeora ar an taobh thall den domhan ó Éirinn féin?

Is í an Astráil - nó an Mairgín, Gaelú ar a hainm dúchais *Maregé* - ceann de na tíortha *nach Éire* is Gaelaí ó taobh a daonra. Is annamh a aistrítear cumas beag nó mór na Gaeilge idir na glúinte Gaelastrálacha, áfach. Cha mbíonn caint, léamh ná scríobh na Gaeilge ag formór ár gclann ná ár ngarclann féin. Níor míste lena leithéid dá mba tír mór na sluaite Gaeilgeoirí í Éire féin - ar nós lucht na Fraincise sa Frainc, lucht an tSacsbéarla i Sasain, lucht na hEabraise san Iosráil agus araile - nach amhlaidh, faraor.



Bíonn líon nach beag Éireannach fós ag aistriú chuig tíortha Sacsbéarlóra gach bliain - leithéid na hAstráile/ Mairgíne. Lena chois - agus cé gur deas an t-ardú daonra i bhfianaise Gorta Mór na hÉireann ar cúrsaí go fóill - tá borradh faoi líon na n-eachtrannach chun na hÉireann agus tá tromlach na nGael faoi deifir faoi driopás á mbrú isteach i ranganna um foghlaim teanga dúchais Šasaine; *b'iomrall ceartais mar dea mura mbeadh ach Úcráinis / a dteangacha féin eile mar aon le teanga dúchais na nGael acu.* Lena linn seo uilig, bíonn Rialtas na Fraince ag maoiniú ranganna na Fraincise (seachas Gearmáinise) agus Sasain ag maoiniú ranganna an tSacsbéarla (seachas Gaeilge...gol *gáire*) do na luchtanna úra chucusan.



Ní fada gur dóigh lena bhformór - ar nós neart Éireannach dúchais an tSacsbéarla aonteangaigh - go bhfuil seisean ina gnátheanga na hÉireann agus nach gá lena bhfreastal ar ceannaitheoirí Gaeilgeora um na hollmargaí srl. dá réir. Lena chois fós, is as an Sacsbéarla céanna a bíonn 100% nach mór de na Gaeil chun leithéid na hAstráile/Mairgíne ag caint lena céile má caitear súil ar na leathanaigh Facebook is mó um fáiltiú rompu chun na cathrach álainne aoi-bhne seo. Tá na Gaeil i gcóngar 7 i gcéin go díograiseach dár Sacsbéarlú féin. Glactar leisean an *cúpla focal*, ach ní glactar leis gur de ceart againn, mar Gaeil, go gcaithfimis ár saol as Gaeilge - go haonteangach más mian, fiú. Go leigheasimid an nós so, ba gá go n-ardóimis go suntasach líon na dteaghlach - pé áit ar domhan a beidís - a bhfuil caint, léamh 7 scríobh na Gaeilge acu, agus go mbíonn áiteanna Gaeilgeora léinn 7 oibre ar fáil sna tíortha a bhfuil a méid is mó ina gcónaí iontu. Is as an tuiscint seo a tóg luchtanna eile teanga *L'École franco-australienne de Melbourne* mar aon le *Deutsche Schule Melbourne* agus neart scoileanna dáteangacha eile (na hIodáilise, na Seapáinise, na hEabraise, na Síinise agus araile) faoi seach le blianta beaga anuas. Is údar misnigh na Gaelscoileanna thiar in Éirinn féin. Cha raibh ach 6% de daltaí scoile an Stáit Éireannaigh ina mac/ní léinn Gaelscoile/Gaeclólaiste i n2021 fós féin. Is deis linne mar Gàelastrálaigh i mbaile mór ilsleachta ar lú an teannas ann ina leith seo uilig go dtreiseoimis na Gaelscoileanna ceannródacha atá ag snámh in aghaidh easa san thiar agus go léireoimis go dtig lenár maireachtáil mar lucht siúlach scéalach na Gaeilge i gcóngar 7 i gcéin san aonú céad agus fiche seo.



### **An bhfuil a dóthain éilimh ar GSM (Gaelscoil Melbourne) ann go n-éirí léi, ámh?**

Léiríonn an líon mór teaghlach - den uilecúlra - a bíonn i mbun cluichí an *Cumann Luthcneas Gael* mar aon le ranganna *Comhaltas Ceoltóirí Éireann*, *Cumann Gaeilge na hAstráile* agus an Rince Gaeilaigh i Melbourne/Naarm (a ainm dúchais as Pamainiúngáinis) gach seachtain gur suim cheana le muintir na háite seo an Gaelachas. Is gá go n-áiteoimis ardcaighdeán na scolaíochta i ngach gné den mionclár léinn - an Uimhreolaíocht, an Pamainiúngáinis, an Corpoideachas, Léann na gCreideamh, an Eolaíocht, an Ceol, an Sacsbéarla, an Ealaíon, an Stair, teanga breise srl. - a bainfeas le *Gaelscoil Melbourne* ar teaghlaiht más ea féin. Beidh tuismitheoirí *GSM* ag súil leis, freisin, go mbeadh caint 7 scríobh na Gaeilge ar toil a gclanna faoi deireadh a scolaíochta, fiú murab amhlaidh dóibhsean é. B'fiú, dá réir, go nglacfaimis le beartas *An Foras Pátrúnachta* gurab as Gaeilge a feidhmíonnns foirne, coistí agus nósanna earcúcháin a gcuide *Gaelscoileanna* mar aon le beartas *Deutsche Schule Melbourne* um cóimheas de dá bunteanga na scoile



**Note to learners** – This article is written using a notation called ponc séimhithe or buailte where dots are placed over some consonants to denote a séimhiú so **an céadchéim eile** can be read as *an chéadchéim eile* (the next step). These dots can often be tricky to see especially when adjacent to vowels with fadas, but once you get the hang of it the meaning will become clear. More info at ...

[https://www.lexilogos.com/keyboard/gaelic\\_irish.htm](https://www.lexilogos.com/keyboard/gaelic_irish.htm)

Lonán talks about his personal vision on Glór na nGael, the Irish program on radio 3ZZZ. Just go to the station website [3zzz.com.au](http://3zzz.com.au) and locate the Irish program for 1st Jan 2023

<https://omny.fm/shows/irish/irish-1-january-2023>



" In den ersten Schuljahren findet der Unterricht zu 80% auf Deutsch statt. Lesen und Schreiben erlernen die Kinder in beiden Sprachen von Anfang an. Der Anteil des englischsprachigen Unterrichts steigt kontinuierlich über die Schuljahre an, so dass mit Erreichen der 6. Klasse 50% des Unterrichts auf Deutsch und 50% auf Englisch abgehalten wird. Beide Sprachen werden auf Muttersprachenniveau unterrichtet. "

*I mblianta tosaigh na scoile, is as Gearmáinis a bíonn 80% dár gcuid ceachtanna. Foghlaimíonn na páistí léamh agus scríobh na dá teanga ón tús. Tagann méadú leanúnach ar comhréir na gceachtanna as Sacsbéarla i gcaitheamh na scoilblianta agus ag sroicheadh an Ranga 6 dóibh, bíonn 50% de na ceachtanna as Gearmáinis agus 50% as Sacsbéarla.*

*Múintear an dá ceann ar nós bunteanga dóibh.*



Sula n-áitimid a dath ar duine ar bith, áfach, tá clárú *Gaelscoil Melbourne* mar ba cheart orainn - aimsiú láithreáin cuí di san áireamh - gura ceadmhach a hoscailt roimh a céadglúin daltaí um tús na bliana 2024 ...2025! Teastaíonn gach Gaeilgeoir a bhfuil baint ar bith acu leis an mbaile mór breá bríomhar so anois ó *GSM* go n-éirí léi. Insíonn scéal *Deutsche Schule Melbourne* dúinn ná go bhfuil tairbhe ollmór le baint againn agus ag sliocht ár sleachta as bunú pobail ilteangaigh má cuirimid beagán dúthrachta orainn féin um tús an scéil. Ba slí isteach chuig sult an ilteangachais, chuig stair ár sinsir - an Cadhnach, an Griannach, an Saogharach, an Laoghaireach, Máire Mac an tSaoi, an Céitinneach - agus chuig saol Gaelach ☞ Gaelastrálach ár linne. Cé hiad a léifeas leithéid *Teachtaireacht*, úrscéal beathaisnéise na Gaeilge *Daisy Bates, An Lúibín, Ar Thóir gach Ní* agus an iris seo dár n-éise mura gcuireann tusa agus mise ar aghaidh chuig an gcéadglúin eile ár nósanna a cum ár muintir romhainn ar feadh na mílte bliain? Geallaimis linn inniu go mbronnfar an tseoid seo ar sliocht ár sleachta, gur saibhre an éigse ilteangach ildúiche orthusan ná atá orainne agus go mbeidh an domhan mór - an Astraláis agus Aontas na hEorpa araon - ar fáil fúrosta dóibh mar Gaelastrálaigh bródúla.

Photo details x 8

Leabhar ó *An Clár Luathléitheoireachta* a léas 7 dalta Gaelscoile de mo cuid  
Dalta *Osnat* de cuid *Caulfield South Primary School* ag foghlaim as Eabrais leis

Leabhar Uimhreacha *Gafa le Mata* a bainneas leas as  
mar múinteoir ionaid Gaelscoile

Iriseoir Gaeilgeora as *BÁC Ola Majekodunmi*

Iris mór míosúil na heolaíochta *EIPIC*  
do daltaí níos sine na Bunscoile+

Sraith teilifíse *Cula4 Ar Scoil* a bí ar cúnaimh mór le linn na dianglasála í

*Deutsche Schule Melbourne* ag tabhairt cuairte ar áras an *SBS*

Scribhneoir Gaeilgeora *Louis de Paor* 7 ceoltóir *Astrálach/Mairgéine Kev Carmody*

## An lá a thángthas i dtarrtháil ar fhomhuireán a bhí sáinnithe amach ó chósta Chorcaí

**A**gus an dóchas ag dul i ndísc faoin gcúigear atá sáinnithe i mbád faoi thoinn amach ó Thalamh an Éisc, is mithid dúinn súil a chaitheamh siar ar scéal níos dearfaí faoi bheirt a tarrtháladh i dtumadóir amach ó chósta Chorcaí tuairim is leathchéad bliain ó shin, agus gan ach 12 nóiméad ocsaigine acu nuair a fuarthas iad.

I mí Lúnasa na bliana 1973, bhí súile an domhain mhóir ar scéal an Pisces III, bád faoi thoinn Ceanadach a bhí in úsáid ag an bPost Ríoga le cábla teileachumarsáide a leagan ar ghrinneall an Atlantaigh amach ó chósta Chorcaí. Bhí beirt Shasanach ar bord an fhomhuireáin bhig agus iad ceaptha a bheith ag obair ar feadh ocht n-uair an chloig.

Obair chrua a bhí i leagan an chábla agus níor fhéad siad ach tuairim is ciliméadar san uair a dhéanamh agus iad ar ghrinneall na farraige – idir socrú na bpumpaí agus na scardán, leagan an chábla, agus clúdach an chábla arís. Mairnéalach a raibh saíneolas aige ar bháid faoi thoinn a bhí in Roger Chapman agus innealtóir a bhí sa bhfeair eile, Roger Mallinson. D'oibríodh an bheirt as lámha a chéile leis an obair dheacair a dhéanamh agus gan an spás acu san ártach a ligfeadh dóibh seasamh – ar a nglúine a bhí siad sa bhád.


Mar bharr ar an donas, bhí an t-innealtóir Mallinson tar éis an lá ar fad roimh an turas go bun na mara a chaitheamh ag obair ar an ártach í féin, a briseadh agus í thíos ann cúpla lá roimhe. Nár mhaith mar a tharla sé gur chuimhnigh sé ar an tanc ocsaigine a athrú agus an obair seo ar bun aige. Agus é ag caint ar an eachtra ina dhiaidh, mhínigh Mallinson go raibh a dhóthain ocsaigine sa tanc don turas a bhí beartaithe ach murar athraigh sé an tanc roimh an timpiste bheadh an bheirt fheair marbh i bhfad sular tarrtháladh iad.

Córas casta a bhí sa chóras anála ar an Pisces III – b'éigean do na píolótaí súil a choinneáil ar an méid CO<sub>2</sub> a bhí san ártach iad féin agus an t-aer a ghlanadh gach 40 nóiméad le goathán LiOH agus roinnt ocsaigine a scaoileadh isteach sa chábán bídeach.

Bhí an tumadóir tar éis a cuid oibre a dhéanamh don lá agus bhí sí ar bharr uisce ag fanacht ar an long choimhdeachta a thabharfadh abhaile í nuair a tharla an tubaiste. Rinneadh iarracht an báidín faoi thoinn a cheangail agus a tharraingt isteach nuair a stróiceadh an haiste di agus líonadh cuid de le huisce. Go tobann, bhí 1000L saile san ártach agus chuaigh sí go tóin poill.

Mhúch an bheirt an córas leictreachais agus na soilse agus chaith siad uathu an meáchan 180kg a bhí ceangailte leis an tumadóir lena dhéanamh níos éadroime agus iad ar an mbealach síos ag 65km/h ar feadh leathnóiméad sular bhuail siad an grinneall ag 500m.

Cúig nóiméad déag níos déanaí, d'éirigh leo teagmháil a dhéanamh leis an long mhór a bhí os a gcionn agus thug siad le fios don chriú thuas go raibh 66 uair an chloig ocsaigin fanta sna tancanna – beagán níos lú ná trí lá. Bhí an Pisces II bun os cionn ar an ngrinneall agus thuig an bheirt go bhféadfadh go leor leor ama a bheith i gceist leis an tarrtháil. Shocraigh siad, mar sin, gan tada a dhéanamh ach luí síos agus an ocsaigin a chaomhnú. Ní raibh an cábán ach dhá mhéadar trasna.







Níor labhair na fir le chéile ar fhaitíos go n-ídeodh an chaint an stór ocsaigine agus rinne siad cumarsáid le chéile trí bheireacht ar lámha a chéile sa dorchadas agus iad fliuch báite in a n-allas féin. Ní raibh ach ceapaire amháin agus canna líomanáide amháin idir an bheirt acu ach níor theastaigh uathu iad a chaitheamh, arís ar fhaitíos go n-ídeodh an ghníomhaíocht an stór ocsaigine.

Chuaigh an long choimhdeachta, Vickers Voyager, ar ais go calafort Chorcaí le fomhuireáin eile den déanamh céanna a fháil – Pisces II agus Pisces V – a chabhródh leis an tarrtháil.

Dhá lá i ndiaidh do Pisces III titim faoin bhfarraige, tháinig an long mhór ar ais leis an gcriú tarrthála agus tosaíodh ar an iarracht. Ar an drochuair, briseadh an téad speisialta a feistíodh ar Pisces II agus b'éigean an tumadóir a thógáil ar ais chuig an long mhór. Seoladh Pisces V ansin, agus d'éirigh leis an ártach beag sin an grinneall a bhaint amach ach níor éirigh léi Pisces III a aimsiú sular rith sé féin amach as lucht leictreachais.

Cuireadh síos arís í agus d'aimsigh sí an bheirt fhear 60 uair an chloig i ndiaidh dóibh titim. Faraor géar, níor éirigh le Pisces V a téad a cheangal le Pisces III agus b'éigean fanacht ar chúnadh ó Pisces II a bhí fós ar bharr uisce. Thum Pisces II arís ach chuaigh saíle isteach inti ar an mbealach síos agus chaith sí teacht aníos arís.

Seoladh Pisces II arís eile agus téad nua speisialta uirthi a dhéanfadh an beart. Maidin Dé Sathairn, an 1 Meán Fómhair 1973 agus an stór ocsaigin nach mór ídithe uilig ach an téad speisialta ceangailte le Pisces III, bheartaigh Chapman agus Mallison ceiliúradh beag a dhéanamh – d'ith siad an ceapaire agus d'ól siad an líomanáid.

Chuaigh an báidín i bhfostú ar an mbealach aníos agus b'éigean an tarrtháil a stopadh ar feadh cúpla nóiméad, agus b'éigean é a stopadh arís agus iad 160m ó bharr uisce le téada níos láidre a cheangal léi. Tarraingíodh amach as an uisce í ag 13.17 ar an Satharn – bhí siad tar éis a bheith sa chábán beag bídeach ar feadh 84 uair an chloig agus 30 nóiméad nuair a tarrtháladh sa deireadh iad. D'éirigh leo 12.5 uair an chloig eile a chur leis an stór ocsaigin a bhí acu trína bplean gan labhairt le chéile ná an ghníomhaíocht nár ghá a dhéanamh agus ní raibh ach 12 nóiméad ocsaigine fanta nuair a osclaíodh an haiste ar deireadh.

This story first appeared at website nos.ie

#### Seans ar bith go raibh tú ann ?

So far this year there have been three (privately organised) Pop-up Gaeltacht events in Melbourne and a similar number in Adelaide.

The editorial team would love to hear first-hand from attendees. How did you get on ?

Should there be more such events ?

How often ?

**Roy writes.....**Classes are continuing to run both in person and via Zoom. Currently we are running beginner and Intermediate classes through both formats and the advanced class runs via ZOOM. The latter class draws people from several states. We have even seen interstate enquiries for our online classes and given the cost, they are great value compared to other language providers. This year we offered discounted fees for those who would prefer to pay up front for the tuition and a number of people have taken this offer up so we feel this has been a positive move.

Our enrolments have increased this year, which is great to see, although there is the challenge of finding enough tutors. This has been a perennial problem with the load falling on a few, something which is potentially unsustainable in the long term. We have been fortunate to have had native Irish speakers from Ireland running classes for the Association however, often they return to Ireland once their visa expires. So, if you are interested, or know someone who is interested, please contact the Committee. Nevertheless, the interest in learning Irish seems to be growing.

The committee has been considering the Melbourne Gaeltacht which has languished since COVID times but at this stage, it would appear that unless we can get people to step forward and offer to assist in promoting, developing and running an event, it will have to be delayed for another year. If you are interested in reviving this please make contact with the Committee Secretary, Seán, and indicate your interest.

Our storage facility at Fort Knox to store our library books, equipment and other items has become a significant cost burden on the Association and it was decided to look for alternatives. Thanks to some sterling work by committee member, Angela McDonagh, our storage needs have been alleviated by the wonderful offer from the IASRB (Irish Australian Support & Resource Bureau) to house our contents. The movement of the contents is in progress and will be completed by the time you receive this newsletter.

Now that the financial year has come to a close the Committee is planning for the AGM. Due to the Treasurer being away in September (travelling in Ireland of course) the AGM date is being set for a time in October. The date will be announced in plenty of time for you to nominate for a committee position of course, we are always looking for people to put their hand up to help run the Association .

Roy Kennedy

## Gaeilge sa Tír Ard

**S**o, it is Thursday afternoon and I am sitting in the Bright Senior Citizen's Centre with seven members of the Bright U3A and I am teaching them beginner's Irish, as I do every Thursday afternoon. How on earth did this come to be? An Irish language class in Bright with a population of around 2500? And why me? I am not a native Irish speaker, I never grew up or even lived in Ireland, I was born in Liverpool, although my grandparents are Irish. Six years ago I didn't have a word of Irish in me! Let me tell you a story that led me to this.

*Mar sin, tráthnóna Déardaoin atá ann agus mé i mo shuí san Bright Senior Citizen's Centre le seachtar ball den Bright U3A agus tá Gaeilge do thosaitheoirí á múineadh agam dóibh, mar a dhéanaim gach tráthnóna Déardaoin. Conas ar domhan a tharla sé seo? Rang Gaeilge i Bright le daonra de thart ar 2500? Agus cén fáth mise? Ní Gaeilgeoir dúchais mé, níor fhás mé in Éirinn, ní raibh mé riamh i mo chónaí in Éirinn. Rugadh mé i Learpholl i Sasana, ach is Éireannaigh iad mo sheantuismitheoirí. Sé bliana ó shin ní raibh focal Gaeilge ionam! Lig dom scéal a insint duit a thug anseo mé.*

For many years I had a desire to learn Irish and often made a start with books, cassette tapes and DVD's. However, it never got very far, I was too busy in my job as a teacher to really spend time on it plus caring for a wife who would eventually die of leukemia. All of that changed after my wife died and then later when I retired at the age of 70. I set myself the task to learn the language that had fascinated and interested me for ages. There was a problem though, I lived in NE Victoria, in Bright, with no classes available. The closest class was a 4 hour drive away in Melbourne.

*Ar feadh na mblianta fada bhí dúil agam Gaeilge a fhoghlaim agus is minic a chuir mé tús leis le leabhair, téipeanna caiséad agus DVD. Mar sin féin, níor imigh sé i bhfad, bhí mé ró-ghnóthach i mo phost mar mhúinteoir chun am a chaitheamh i ndáiríre air chomh maith le haire a thabhairt do bhean chéile a fuair bás sa deireadh de leicéime. D'athraigh sé sin go léir tar éis báis mo bhean agus ansin níos déanaí nuair a chuaigh mé ar scor ag 70 bliain d'aois. Chuir mé an tasc orm féin an teanga a fhoghlaim inar chuir mé spéis ann le fada an lá. Bhí fadhb ann áfach, bhí mé i mo chónaí i NE Victoria, in Bright, gan aon ranganna ar fáil. Bhí an rang is gaire dom tiomáint 4 uair go dtí Melbourne.*

So, I started using Duolingo and I had to struggle hard with that, it wasn't easy at first.. For a beginner it was

really challenging, trying to get your head around the grammar, pronunciation, sentence structure, prepositional pronouns and so on with very little help from the app. But, I was determined and so began my daily ritual of eating breakfast and doing Irish lessons on Duolingo. My wife laughed when she heard some of the words and how they sounded but I will have the last laugh on that one. I persevered with my daily lessons and finally worked through the whole course. A great incentive is the Duolingo streak, that is, consecutive days of using the app. I'm closing in on 1600 consecutive days now. Holidays and camping in places with no internet access didn't stop me, I just had to be creative in finding phone signal!

*Mar sin, thosaigh mé ag úsáid Duolingo agus bhí orm streachailt go dian leis sin, ní raibh sé éasca ar dtús. Ach, bhí mé meáite é a dhéanamh agus mar sin thosaigh mo dheasghnáth laethúil, bricfeasta a ithe agus ceachtanna Gaeilge a dhéanamh ar Duolingo. Rinne mo bhean gáire nuair a chuala sí na focail ach beidh an gáire deireanach agam ar an gceann sin. Righnigh mé le mo cheachtanna laethúla agus ar deireadh d'oibrigh mé tríd an gcúrsa iomlán. Tá spreagadh iontach ag an "Duolingo Streak", is é sin, laethanta as a chéile ag baint úsáide as an bhfeidhmchlár ríomhaire. Táim beagnach ag 1600 lá anois. Níor chuir laethanta saoire agus campáil in áiteanna gan rochtain idirlíne stop liom, ní raibh orm ach a bheith cruthaitheach chun comhartha gutháin a aimsiú!*

Using Duolingo has helped me with reading and writing and, to a lesser extent, listening but not as much with speaking. Even the listening skill was a challenge, given the speed of speech of native speakers. Then COVID struck and for me it was a real boon. As an aside, I loved lock-down in the rural village of Harrierville! It was so peaceful and quiet with no tourists! Anyway, Irish lessons were now being offered via ZOOM so I could now interact with like minded learners! First the beginners class, then advanced beginners the next year and then I took the plunge and headed off to the Advanced Class, mainly because the Intermediate class was on a night I couldn't attend. Oh boy, was that an eye-opener! Effectively an immersion class and I understood maybe 5% of what was being said and felt way out of my depth. Nevertheless, my ESL teaching background helped me with the immersion concept and I stuck to it. Mind you, it required about three hours of preparation for each class, at least being retired helps! If you want to learn something you have to



work on it. After a year I think I was getting to about 25-40% understanding of what was being said in class. This year is getting better and I am more able to enter into conversation without referring to my notes. The key to it, from my perspective, was preparation and then listening carefully and looking for context. Siún and Stuart were very patient with me, correcting my pronunciation and sentence construction as necessary. I think I gave them some trying times, especially Siún! I cannot thank them enough for their patience and understanding. Sometimes, I still feel I am hitting a brick wall with the language acquisition. Still, to really get the language embedded in your mind you need to speak the language, each day preferably. That can be hard when there is no-one else around that speaks the language.

*Chuidigh úsáid Duolingo liom leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht agus, go pointe níos lú, le héisteacht ach ní raibh sé chomh mór sin le labhairt. Dúshlán ba ea scil na héisteachta fiú, i bhfianaise luas cainte na gcainteoirí dúchais. Ansin bhuaill COVID agus ba mhór an chabhair domsa é. Ar leataobh, ba bhreá liom glasáil síos i sráidbhaile tuaithe Harrierville! Bhí sé chomh síochánta agus ciúin gan aon turasóirí! Ar aon nós, bhí ceachtanna Gaeilge á dtairiscint anois trí ZOOM ionas go mbeinn in ann idirghníomhú le foghlaimeoirí ar an meon céanna anois! An bunrang ar dtús, ansin ardtosaitheoirí an bhliain dár gcionn agus ansin thug mé an dúiléim agus chuaigh mé go dtí an Ardrang, go príomha toisc go raibh an Meánrang ar oíche nach raibh mé in ann freastal uirthi. Ó, a bhuachaillí, an raibh sé sin ina oscailt súl! Go bunúsach is rang tumoideachais a bhí ann agus thuig mé b'fhéidir 5% den mhéid a bhí á rá agus mhothaigh mé i bhfad amach as mo dhoimhneacht. Mar sin féin, chabhraigh mo chúlra teagaisc ESL liom le coincheap an tumoideachais agus lean mé leis. Cuimhnigh ort, bhí thart ar thrí uair an chloig de ullmhúcháin ag teastáil do gach rang, ar a laghad cuidíonn a bheith ar scor! Más mian leat rud éigin a fhoghlaim caithfidh tú oibriú air. Tar éis bliana ceapaim go raibh tuairim is 25-40% de thuiscint agam ar a raibh á rá sa rang. Tá an bhliain seo ag dul i bhfeabhas agus tá mé in ann dul i mbun comhrá gan tagairt a dhéanamh do mo nótaí. Ba é an eochair dó, ó mo thaobhsa, ná ullmhú agus ansin éisteacht go cúramach agus comhthéacs a lorg. Bhí Siún agus Stuart an-fhoighneach liom, ag ceartú mo chuid foghraíochta agus cruthú abairtí de réir mar ba ghá. Sílim gur thug mé am an-chrua dóibh, go háirithe Siún! Ní féidir liom buíochas a dhóthain a ghabháil leo as a bhfoighne agus a dtuiscint. Uaireanta, mothaím fós go bhfuilim ag bualadh balla bríce leis an sealbhú teanga. Mar sin féin, chun an teanga a fhíisteach i d'intinn i ndáiríre ní mór duit an teanga a labhairt, de rogha gach lá. Is féidir é sin a bheith deacair*

*nuair nach bhfuil aon duine eile timpeall a labhraíonn an teanga.*

All of this brings me back to the beginning of this story. So, now in my sixth year I find myself teaching beginners, all mature age but keen. It came about because a friend told me one of his friends was also learning Irish via podcasts and YouTube Videos. So we met up, and during the chat the idea of running a class under the auspices of the U3A was raised. Knowing my limitations in the language I was originally hesitant but my years of teaching (47 in total) gave me the confidence to give it a go. I was amazed by the interest in our small tourist town!. So here we are, in the North East of Victoria, learning Irish! I have found it has helped me with my own studies of the language so that is a real bonus. Ah, remember I said earlier I would have the last laugh? My wife is now learning Irish so we are developing a mini-Gaeltacht at home!

*Tugann sé seo go léir mé ar ais go dtí tús an scéil seo. Tugann sé seo go léir mé ar ais go dtí tús an scéil seo. Mar sin, anois i mo shéú bliain tá mé ag múineadh tosaitheoirí, gach aois aibí ach fonnmar. Tharla sé mar dúirt cara liom go raibh duine dá chairde ag foghlaim Gaeilge freisin trí phodchraoltaí agus Físeáin YouTube. Mar sin tháinig muid le chéile, agus le linn an chomhrá ardaíodh an smaoineamh rang a réachtáil faoi choimirce an U3A. Le mo chuid teorainneacha sa teanga ar eolas agam bhí leisce orm ar dtús ach thug mo bhlianta múinteoireachta (47 san iomlán) an mhuintín dom triail a bhaint as. Chuir an tsuim atá inár mbaile beag turasóireachta iontas orm! Mar sin anseo táimid, in Oirthuaisceart Victoria, ag foghlaim Gaeilge! Fuair mé amach gur chabhraigh sé liom le mo chuid staidéir féin ar an teanga agus is buntáiste fíor é sin. Ah, cuimhnigh a dúirt mé níos luaithe gur mhaith liom a bheith ar ngáire deireanach? Tá mo bhean ag foghlaim Gaeilge anois mar sin táimid ag forbairt mion-Ghaeltachta sa bhaile!*

Roy Kennedy



*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.  
New members should use the form available on our website [www.gaeilge.org.au](http://www.gaeilge.org.au)**

Renewal     Update

Sloinne .....  
(surname)

Guthán bh) .....  
(phone)

Céad ainm .....  
(first name)

ah) .....

Seoladh .....  
(address)

Fón .....  
(mobile)

.....

Ríomhphost .....  
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.